



Imlitir 0065/2020

**Chuig: Príomhoide/ Bord Bainistíochta gach Scoil Pobail / Chuimsitheach**

**ATHBHREITHNIÚ AR THUARASTAIL RÚNAITHE SCOILE AGUS BAILL FOIRNE COTHABHÁLA SCOILE I bPOBALSCOILEANNA AGUS SCOILEANNA CUIMSITHEACHA LE hÉIFEACHT Ó 1 DEIREADH FÓMHAIR 2020**

1. Is mian leis an Aire Oideachais agus Scileanna a chur in iúl do Phobalscoileanna/Scoileanna Cuimsitheacha, baill foirne rúnaíochta scoile agus baill foirne cothabhála go gcuirfear rátaí athbhreithnithe tuarastail i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020.
2. Tugadh na rátaí tuarastail athbhreithnithe isteach mar thoradh ar Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2020 (Comhaontú Bhóthar Haddington/Comhaontú Bhóthar Lansdún) agus ar an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí 2017.

**Méadú Tuarastail le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020**

3. **Méadófar** tuarastail bhliantúla **de 2%** le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020.

**Scálaí Tuarastail Athbhreithnithe**

4. Tá scálaí tuarastail athbhreithnithe ina gcuirtear an méadú seo i bhfeidhm agus a mbeidh éifeacht leo ón 1 Deireadh Fómhair 2020 ceangailte san Aguisín leis an imlitir seo.
5. Sáróidh téarmaí na hImlitreach seo gach scála tuarastail agus ráta uaire atá iníoctha le baill foirne lena mbaineann a áirítear in Imlitreacha roimhe seo le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020.

**Foireann pháirtaimseartha/ a íoctar in aghaidh na huaire**

6. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí athbhreithniú ar phá foirne páirtaimseartha nó foirne a íoctar in aghaidh na huaire de réir gnáthshocruithe, trí thagairt do phá foirne lánaimseartha a bhfuil siad gaolmhar léi chun críocha phá de réir na hImlitreach seo.

## Ragobair

7. Ba chóir íocaíocht maidir le ragobair a rinneadh ar an 1 Deireadh Fómhair 2020 nó ina dhiaidh a ríomh trí thagairt do na rátaí pá athbhreithnithe le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020.

## Liúntais

8. Ba chóir liúntas a ríomhtar mar chéatadán sonrath nó mar chuid shonraithe de bhunphá a ríomh trí thagairt a dhéanamh do na rátaí athbhreithnithe le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020.

An 1 Deireadh Fómhair 2020:

Athshlánófar liúntais sheasta nach ríomhtar mar chéatadán sonrath nó cuid shonraithe den bhun-tuarastal go dtí an luach airgeadaíochta amháin an 31 Nollaig 2009.

Tabhair faoi deara gur bhain an beart seo le liúntais sheasta amháin a bhí le hóc an 1 Eanáir 2010 **agus** a gearradh de 5% nó 8% faoin Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail (Uimh. 2) 2009 **agus** a íoctar i gcónaí mar liúntais sheasta ar leithligh ó bhunphá.

Ní mhéadófar aon liúntais nua a thabharfar isteach tar éis 1 Eanáir 2010 faoin imlitir seo.

## Asbhaintí ó phá

9. Tá asbhaintí ó phá a léirítear mar chéatadán den phá (m.sh., pleananna leanúnachas ioncaim, síntiúis cheardchumainn) le hathríomh faoi threoir na rátaí athbhreithnithe pá dá bhforáiltear san imlitir seo.

## Pinsin

10. Féadfar pinsin i leith foirne scoile a d'fhóin i ngrád lena mbaineann an litir seo a choigeartú de réir Imlitir 02/2018 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

## Rialuithe Feabhsaithe i ndáil le Téarmaí agus Coinníollacha Fostaíochta arna gComhaontú le héifeacht ón 30 Samhain 2015

11. Meabhraítear d'fhostóirí gur leasaíodh an tAcht um Airí agus Rúnaithe (Leasú) 2011 faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2015 chun rialuithe feabhsaithe a thabhairt isteach maidir le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta a comhaontaíodh idir fostaithe sa tseirbhís poiblí agus a gcuid fostóirí ar comhlachtaí de chuid na seirbhíse poiblí iad, le héifeacht ón 30 Samhain 2015. Tá na hailt den Acht lena mbaineann san áireamh in Aguisín 2.

## Cúrsaíocht agus Ceisteanna

12. Cinntigh, le do thoil, go gcuirfead cóipeanna den Imlitir seo ar fáil do gach ball den Bhord Bainistíochta agus go ndíreofar aird gach ball foirne i d'fhostaíocht lena mbaineann i d'fhostaíocht uirthi, iad sin atá ar saoire neamhláithreachta san áireamh.
13. Tá teacht ar an Imlitir seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag [www.education.ie](http://www.education.ie)

14. Ba chóir ceisteanna maidir leis an Imlitir seo a chur trí ríomhphost chuig:  
[sdfinfo@education.gov.ie](mailto:sdfinfo@education.gov.ie)

Tom Deegan  
Príomhoifigeach  
Airgeadais Scoileanna

Tara Carton  
Príomhoifigeach  
Caidreamh Foirne Seachtraí

16 Meán Fómhair 2020

**Aguisín 1.**

**SCÁLAÍ PÁ DO RÚNAITHE SCOILE I bPOBALSCOILEANNA AGUS SCOILEANNA  
CUIMSITHEACHA LE hÉIFEACHT Ó 1 DEIREADH FÓMHAIR 2020**

**Grád III:**

<b>Pointe sa Scála</b>	<b>Iontrálaithe roimh 1 Eanáir 2011 01/10/20</b>	<b>Iontrálaithe i ndiaidh 1 Eanáir 2011 01/10/20</b>
<b>1</b>	<b>€ 26,616</b>	<b>€ 24,602</b>
<b>2</b>	<b>€ 27,425</b>	<b>€ 26,218</b>
<b>3</b>	<b>€ 28,603</b>	<b>€ 26,616</b>
<b>4</b>	<b>€ 29,785</b>	<b>€ 27,425</b>
<b>5</b>	<b>€ 30,969</b>	<b>€ 28,603</b>
<b>6</b>	<b>€ 31,826</b>	<b>€ 29,785</b>
<b>7</b>	<b>€ 32,799</b>	<b>€ 30,969</b>
<b>8</b>	<b>€ 33,926</b>	<b>€ 31,826</b>
<b>9</b>	<b>€ 34,726</b>	<b>€ 32,799</b>
<b>10</b>	<b>€ 35,845</b>	<b>€ 33,926</b>
<b>11</b>	<b>€ 36,969</b>	<b>€ 34,726</b>
<b>12</b>	<b>€ 39,087</b>	<b>€ 35,845</b>
<b>13</b>	<b>€ 39,087</b>	<b>€ 36,969</b>
<b>14</b>		<b>€ 39,087</b>
<b>*Breisíocht Fadseirbhíse</b>	<b>€ 40,590</b>	<b>€ 40,590</b>

**\* tar éis seirbhíse sásúla 3 bliana ag an uasmhéid**

**Grád IV:**

<b>Pointe sa Scála</b>	<b>Iontrálaithe roimh 1 Eanáir 2011 01/10/20</b>	<b>Iontrálaithe i ndiaidh 1 Eanáir 2011 01/10/20</b>
<b>1</b>	<b>€ 31,513</b>	<b>€ 28,752</b>
<b>2</b>	<b>€ 33,507</b>	<b>€ 30,718</b>
<b>3</b>	<b>€ 35,338</b>	<b>€ 31,513</b>
<b>4</b>	<b>€ 36,942</b>	<b>€ 33,507</b>
<b>5</b>	<b>€ 38,490</b>	<b>€ 35,338</b>
<b>6</b>	<b>€ 40,582</b>	<b>€ 36,942</b>
<b>7</b>	<b>€ 42,095</b>	<b>€ 38,490</b>
<b>8</b>	<b>€ 43,633</b>	<b>€ 40,582</b>
<b>9</b>		<b>€ 42,095</b>
<b>10</b>		<b>€ 43,633</b>
<b>*Breisíocht Fadseirbhíse 1</b>	<b>€ 45,046</b>	<b>€ 45,046</b>
<b>*Breisíocht Fadseirbhíse 2</b>	<b>€ 46,466</b>	<b>€ 46,466</b>

**\* tar éis seirbhíse sásúla 3 bliana ag an uasmhéid**

**\*\* tar éis seirbhíse sásúla 3 bliana ag an 1ú Breisíocht Fadseirbhíse**

**PÁ FEIGHLITHE I bPOBALSCOILEANNA & SCOILEANNA CUIMSITHEACHA LASMUIGH DE LIMISTÉAR BHAILE ÁTHA CLIATH (LENA nÁIRÍTEAR CATHAIR CHORCAÍ TAR ÉIS 1989)**

<b>Feighlí</b>	<b>Iontrálaithe roimh 1 Eanáir 2011 01/10/2020</b>	<b>Iontrálaithe i ndiaidh 1 Eanáir 2011 01/10/2020</b>
Ag Earcaíocht	€ 621.58	€ 567.08
tar éis 6 mhí	€ 624.88	€ 580.16
tar éis 1½ bliain	€ 628.02	€ 621.58
tar éis 2½ bliain	€ 628.02	€ 624.88
tar éis 3½ bliain	€ 628.27	€ 628.02
tar éis 4½ bliain	€ 630.05	€ 628.02
tar éis 5½ bliain	€ 631.80	€ 628.27
tar éis 6½ bliain	€ 633.68	€ 630.05
tar éis 7½ bliain	€ 635.47	€ 631.80
tar éis 8½ bliain	€ 637.35	€ 633.68
tar éis 9½ bliain	€ 639.33	€ 635.47
tar éis 10½ bliain	€ 641.32	€ 637.35
tar éis 11½ bliain	€ 643.16	€ 639.33
tar éis 12½ bliain		€ 641.32
tar éis 13½ bliain		€ 643.16

**PÁ FREASTALAITHE I bPOBALSCOILEANNA & SCOILEANNA CUIMSITHEACHA LASMUIGH DE LIMISTÉAR BHAILE ÁTHA CLIATH**

<b>Freastalaí</b>	<b>Iontrálaithe roimh 1 Eanáir 2011 01/10/2020</b>	<b>Iontrálaithe i ndiaidh 1 Eanáir 2011 01/10/2020</b>
Ag Earcaíocht	€ 605.77	€ 552.70
tar éis 6 mhí	€ 609.08	€ 565.86
tar éis 1½ bliain	€ 612.15	€ 605.77
tar éis 2½ bliain	€ 613.93	€ 609.08
tar éis 3½ bliain	€ 615.75	€ 612.15
tar éis 4½ bliain	€ 617.47	€ 613.93
tar éis 5½ bliain	€ 619.29	€ 615.75
tar éis 6½ bliain	€ 621.10	€ 617.47
tar éis 7½ bliain	€ 623.00	€ 619.29
tar éis 8½ bliain	€ 624.90	€ 621.10
tar éis 9½ bliain	€ 626.85	€ 623.00
tar éis 10½ bliain	€ 626.85	€ 624.90
tar éis 11½ bliain	€ 627.56	€ 626.85
tar éis 12½ bliain		€ 626.85
tar éis 13½ bliain		€ 627.56

**PÁ FEIGHLITHE I bPOBALSCOILEANNA & SCOILEANNA CUIMSITHEACHA LASMUIGH DE LIMISTÉAR BHAILE ÁTHA CLIATH (LENA nÁIRÍTEAR CATHAIR CHORCAÍ TAR ÉIS 1989)  
(Daoine nach baill de Scéim Phinsin iad)**

<b>Feighlí</b>	<b>Iontrálaithe roimh 1 Eanáir 2011 01/10/2020</b>	<b>Iontrálaithe i ndiaidh 1 Eanáir 2011 01/10/2020</b>
Ag Earcaíocht	€ 621.01	€ 566.55
tar éis 6 mhí	€ 624.34	€ 579.67
tar éis 1½ bliain	€ 627.50	€ 621.01
tar éis 2½ bliain	€ 627.50	€ 624.34
tar éis 3½ bliain	€ 627.78	€ 627.50
tar éis 4½ bliain	€ 629.53	€ 627.50
tar éis 5½ bliain	€ 631.29	€ 627.78
tar éis 6½ bliain	€ 633.13	€ 629.53
tar éis 7½ bliain	€ 634.97	€ 631.29
tar éis 8½ bliain	€ 636.83	€ 633.13
tar éis 9½ bliain	€ 638.78	€ 634.97
tar éis 10½ bliain	€ 640.76	€ 636.83
tar éis 11½ bliain	€ 642.65	€ 638.78
tar éis 12½ bliain		€ 640.76
tar éis 13½ bliain		€ 642.65

**PÁ FREASTALAITHE I bPOBALSCOILEANNA & SCOILEANNA CUIMSITHEACHA LASMUIGH DE LIMISTÉAR BHAILE ÁTHA CLIATH (Daoine Nach Baill de Scéim Phinsin iad)**

<b>Freastalaí</b>	<b>Iontrálaithe roimh 1 Eanáir 2011 01/10/2020</b>	<b>Iontrálaithe i ndiaidh 1 Eanáir 2011 01/10/2020</b>
Ag Earcaíocht	€ 605.23	€ 552.21
tar éis 6 mhí	€ 608.56	€ 565.39
tar éis 1½ bliain	€ 611.65	€ 605.23
tar éis 2½ bliain	€ 613.39	€ 608.56
tar éis 3½ bliain	€ 615.21	€ 611.65
tar éis 4½ bliain	€ 617.01	€ 613.39
tar éis 5½ bliain	€ 618.73	€ 615.21
tar éis 6½ bliain	€ 620.61	€ 617.01
tar éis 7½ bliain	€ 622.44	€ 618.73
tar éis 8½ bliain	€ 624.37	€ 620.61
tar éis 9½ bliain	€ 626.28	€ 622.44
tar éis 10½ bliain	€ 628.28	€ 624.37
tar éis 11½ bliain	€ 628.28	€ 626.28
tar éis 12½ bliain		€ 628.28
tar éis 13½ bliain		€ 628.28

**OIBRÍ GINEARÁLTA LIMISTÉAR BHAILE ÁTHA CLIATH FAOI CHOMHAONTÚ AN CHLÁIR UM IOMAÍOCHAS AGUS OBAIR (Baill den scéim phinsin ranníocaíochta)**

<b>FEIGHLITHE</b>	<b>Iontrálaithe Roimh 1 Eanáir 2011 01/10/2020</b>	<b>Iontrálaithe i ndiaidh 1 Eanáir 2011 01/10/2020</b>
	€ 588.22	€ 536.76
	€ 592.79	€ 550.52
	€ 594.66	€ 594.11
	€ 596.50	€ 598.72
	€ 598.20	€ 600.61
	€ 600.20	€ 602.47
	€ 602.10	€ 604.19
	€ 603.85	€ 604.19
	€ 605.80	€ 604.19
	€ 607.77	€ 604.19
	€ 610.36	€ 605.80
	€ 612.86	€ 607.77
	€ 615.36	€ 610.36
		€ 612.86
		€ 615.36

<b>Liúntas Feighlí Shinsearaigh</b>	€ 76.19
<b>Liúntas Feighlí Shóisearaigh</b>	€ 29.70

<b>Liúntas d’Fheighlithe Sinsearaigh d’fheighlithe C&amp;C i limistéar Bhaile Átha Cliath inar ceadáidh socruithe sealoibre</b>	€ 73.82
<b>Liúntas d’Fheighlithe Sóisearaigh d’fheighlithe C&amp;C i limistéar Bhaile Átha Cliath inar ceadáidh socruithe sealoibre</b>	€ 27.34



**OIBRÍ GINEARÁLTA LIMISTÉAR BHAILE ÁTHA CLIATH FAOI CHOMHAONTÚ AN CHLÁIR UM IOMAÍOCHAS AGUS OBAIR**

<b>OIBRÍ GINEARÁLTA</b>	<b>Iontrálaithe roimh 1 Eanáir 2011 01/10/2020</b>	<b>Iontrálaithe i ndiaidh 1 Eanáir 2011 01/10/2020</b>
	€ 593.56	€ 536.27
	€ 598.16	€ 550.05
	€ 600.05	€ 593.56
	€ 601.84	€ 598.16
	€ 603.67	€ 600.05
	€ 605.64	€ 601.84
	€ 605.64	€ 603.67
	€ 605.64	€ 605.64
	€ 605.64	€ 605.64
	€ 607.29	€ 605.64
	€ 609.84	€ 605.64
	€ 612.33	€ 607.29
	€ 614.86	€ 609.84
		€ 612.33
		€ 614.86

**GLANTÓIRÍ**

GLANTÓIR Ráta Páirt-Aims.	€ 15.53	€ 14.17
---------------------------	---------	---------

## **Aguisín 2**

### **Alt 12 den Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2015**

#### **Leasú ar an Acht um Airí agus Rúnaithe (Leasú) 2011**

Tá leasú ar an tAcht um Airí agus Rúnaithe (Leasú) 2011 mar thoradh ar an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 16:

#### **“Rialú téarmaí agus coinníollacha fostaithe sa tseirbhís poiblí**

##### **16A. (1) Má –**

(a) tá téarma nó coinníoll ceadaithe ag an Aire mar théarma nó mar choinníoll a mbeidh feidhm leis don am i láthair maidir le fostaíocht aicme nó catagóire d'fhostaí sa tseirbhís poiblí (bíodh sé gur ceadú le fírinne ata i gceist, cineál ceada ar bith eile nó comhthoilíú an Aire i dtaobh cinneadh duine eile sa ghnó), agus

(b) conradh fostaíochta a thugtar d'fhostaí sa tseirbhís poiblí laistigh den aicme nó catagóir sin a bhfuil téarma nó coinníoll istigh ann atá ag teacht leis nó atá mar an gcéanna leis an téarma nó coinníoll bunaithe atá ceadaithe ach atá níos buntáistí don fhostaí sa tseirbhís poiblí ná an téarma nó an coinníoll sin,

beidh an conradh i bhfeidhm mar a bheadh an téarma nó coinníoll bunaithe atá ceadaithe (a bhfuil tagairt déanta dó faoi fho-ailt (2) agus (3) mar 'téarma nó coinníoll ceadaithe') in ionad an téarma nó coinníoll céad-luaithe i mír (b) (a bhfuil tagairt déanta do faoi fho-ailt (2) agus (3) mar 'téarma nó coinníoll neamhceadaithe').

(2) Déanfar neamhaird ar mhéid ar bith íoctha leis an bhfostaí sa tseirbhís poiblí i gceist atá ceaptha a bheith ag cloí leis an téarma nó coinníoll neamhceadaithe atá níos mó ná an méid iníoctha leis an bhfostaí sa tseirbhís poiblí faoin téarma nó coinníoll ceadaithe chun críocha teidlíocht pinsin ar bith a áireamh (teidlíocht chuig cnapshuim agus teidlíocht íocaíochtaí tráthrialta de phinsean san áireamh) a bheadh ag an bhfostaí sin.

(3) Má íoctar méid chuig an bhfostaí sa tseirbhís poiblí i gceist atá ceaptha a bheith ag cloí leis an téarma nó coinníoll neamhceadaithe atá níos mó ná an méid iníoctha leis an bhfostaí sa tseirbhís poiblí faoin téarma nó coinníoll ceadaithe -

(a) coinneoidh an fostaí sa tseirbhís poiblí an ró-íocaíocht ar iontaobhas do chomhlacht na seirbhíse poiblí, agus

(b) gheobhaidh comhlacht na seirbhíse poiblí méid na ró-íocaíochta ar ais ón bhfostaí sa tseirbhís poiblí go díreach nó trí asbhaint den luach saothair iníoctha don fhostaí sin ina dhiaidh sin nó ar shlí eile.

##### **(4) Má –**

(a) dhéantar conradh fostaíochta maidir le fostaí sa tseirbhís poiblí agus

(b) má tá téarma nó coinníoll sa chonradh maidir le luach saothair nach bhfuil ag teacht leis nó nach bhfuil mar an gcéanna le téarma nó coinníoll ar bith bunaithe atá ceadaithe ag an Aire maidir le fostaíocht aicme nó catagóir fostaí sa tseirbhís poiblí ina gcuirtear an fostaí

céad-luaite (bíodh sé gur ceadú le fírinne ata i gceist, cineál ceada ar bith eile nó comhthoiliú an Aire i leith cinneadh duine eile sa ghnó), beidh an téarma nó an coinníoll ar neamhní.

(5) Déanfar neamhaird ar mhéid ar bith íoctha leis an bhfostaí sa tseirbhís poiblí i gceist atá ceaptha a bheith ag cloí le téarma nó coinníoll curtha ar neamhní faoi fho-alt (4) chun críocha teidlíocht pinsin a áireamh (teidlíocht chuig cnapshuim agus teidlíocht chuig íocaíochtaí tráthrialta pinsin leis an bhfostaí sin sa tseirbhís poiblí san áireamh).

(6) Má íoctar méid leis an bhfostaí sa tseirbhís poiblí i gceist atá ceaptha a bheith ag cloí le téarma nó coinníoll curtha ar neamhní faoi fho-alt (4) ansin—

(a) coinneoidh an fostaí sa tseirbhís poiblí an méid ar iontaobhas do chomhlacht na seirbhíse poiblí, agus

(b) gheobhaidh comhlacht na seirbhíse poiblí méid na ró-íocaíochta ar ais ón bhfostaí sa tseirbhís poiblí go díreach nó trí asbhaint den luach saothair iníoctha leis an bhfostaí sin ina dhiaidh sin nó ar shlí eile.

(7) Ní ghlacfar le fo-ailt (3) agus (6) mar theorann ar dhliteanas faoi reacht duine ar bith mar mhíniú ar a leithéid de ró-íocaíocht.

(8) Mura bhfuil méid lena mbaineann fo-alt (3) nó (6) faighte ar ais ag an gcomhlacht seirbhíse poiblí lena mbaineann, d'fheadfadh an tAire ordú a thabhairt don chomhlacht sin an méid a fháil ar ais, faoi dháta sonraithe, i gcomhréir le fo-alt (3)(b) nó (6)(b), de réir mar is cuí, agus, mura n-éireoidh leis an gcomhlacht an mhéid a fháil ar ais, féadfaidh an tAire an méid a asbhaint de dheontas nó vótáil, nó íocaíocht ar bith leis an gcomhlacht sin, amach as airgead a thug an tOireachtas go díreach nó go hindíreach nó a tugadh ón Lárchiste nó toradh an Chiste sin.

(9) Baineann an t-alt seo le téarma nó coinníoll a aontaíodh i ndiaidh tús a chur *le halt 12 den Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail 2015*.

(10) Tá an t-alt seo i bhfeidhm in ainneoin –

(a) achtachán ar bith eile,

(b) scéim nó socrú pinsin ar bith eile,

(c) comhaontú nó socrú conartha ar bith eile, nó

(d) tuiscint, ionchas, imlitir nó ionstraim ar bith nó doiciméad ar bith eile.

(11) San alt seo –

is ionann “fostaí sa tseirbhís poiblí” agus duine atá fostaithe ag, nó a choinníonn oifig nó post eile i gcomhlacht na seirbhíse poiblí;

is ionann “luach saothair” agus díolaíochtaí a bhaineann le nó a bhain le Caibidil 4 de Chuid 42 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.”